II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/699 ÓN gCOIMISIÚN

**an 21 Nollaig 2020**

**lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a mhéid a bhaineann leis na treoracha le haghaidh aeracmhainneacht leanúnach, táirgeadh páirteanna lena n-úsáid le linn cothabhála agus breithniú a dhéanamh ar ghnéithe aosaithe aerárthaí le linn deimhniúcháin**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 19 (1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos na ceanglais maidir le forbairt agus infhaighteacht treoracha le haghaidh aeracmhainneacht leanúnach, maidir le táirgeadh páirteanna agus fearas lena suiteáil in aerárthaí sibhialta, maidir leis na sonraí, na nósanna imeachta, na treoracha agus na lámhleabhair is gá chun aeracmhainneacht leanúnach aerárthaigh shibhialta a áirithiú a bheith á gcur ar fáil ag sealbhóirí an fhormheasta dearaidh, agus maidir leis na hathruithe agus na deisiúcháin ar dheimhnithe cineáil agus deimhnithe cineáil srianta a fhormheas.

(2) Ní mór do shealbhóirí an fhormheasta dearaidh treoracha le haghaidh aeracmhainneacht leanúnach a fhorbairt mar chuid de dheimhniú an táirge nó na páirte, ar treoracha iad, má chuirtear i bhfeidhm i gceart iad, ar cheart go n-áiritheofaí leo go leanfaidh an táirge nó an pháirt de bheith aeracmhainneach i rith na saolré a beartaíodh dó nó di. Ós rud é nach bhfuil na rialacha atá ann cheana sách soiléir, is féidir le sealbhóirí deimhnithe cineáil bríonna éagsúla a bhaint as a bhfuil i gceist le sraith treoracha le haghaidh aeracmhainneacht leanúnach agus as an leibhéal ar a bhfuil ceangal orthu rialú a dhéanamh ar na sonraí arb ionann iad agus na treoracha le haghaidh aeracmhainneacht leanúnach.

(3) Dá bhrí sin, is gá sainmhíniú a thabhairt ar "threoracha le haghaidh aeracmhainneacht leanúnach" agus treoracha le haghaidh aeracmhainneacht leanúnach a bhunú mar chuid den deimhniú cineáil chun an smacht atá ag sealbhóir an fhormheasta dearaidh orthu a neartú, lena n-áirítear na leasuithe ar na treoracha le haghaidh aeracmhainneacht leanúnach.

(4) Tá na ceanglais maidir le taifid a choinneáil, lámhleabhair agus treoracha le haghaidh aeracmhainneacht leanúnach scaipthe i measc na bhfochodanna éagsúla d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012, rud as a dtagann dúbláil ar cheanglais chomhchosúla. Dá bhrí sin, ba cheart na ceanglais sin a chumasc in aon cheanglas amháin le haghaidh gach ceann de na hábhair sin.

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún an 3 Lúnasa 2012 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh aeracmhainneacht agus deimhniú comhshaoil aerárthaí agus táirgí, páirteanna agus fearas gaolmhar, agus le haghaidh deimhniú eagraíochtaí dearthaagus táirgthe (IO L 224, 21.8.2012, lch. 1).

(5) Níl páirt nó fearas incháilithe lena suiteáil nó lena shuiteáil i dtáirge a bhfuil deimhniú cineáil déanta air ach amháin i gcás ina bhfuil sí nó sé sábháilte lena hoibriú nó lena oibriú agus ina n-eisítear Foirm 1 de chuid EASA chun a dheimhniú gur monaraíodh an pháirt nó an fearas i gcomhréir le sonraí formheasta an deartha, mura rud é gur páirt chaighdeánach í nó é nó go gcomhlíonann sí nó sé ceanglais áirithe agus go bhfuil sí nó sé suiteáilte in ELA 1 nó in ELA 2.

(6) Maidir le Foirm 1 de chuid EASA, ní féidir ach le heagraíocht táirgthe atá formheasta i gcomhréir le Fochuid G d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012, nó eagraíocht táirgthe a léiríonn comhréireacht a cuid páirteanna agus fearas le sonraí an deartha is infheidhme i gcomhréir leis na nósanna imeachta a bhunaítear i bhFochuid F d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012, an fhoirm sin a eisiúint. Sa dara cás sin, caithfidh an t-údarás inniúil bailíochtú a dhéanamh ar Fhoirm 1 de chuid EASA a d'eisigh an eagraíocht táirgthe. I gcás na bpáirteanna agus na bhfearas ar beag a dtionchar ar oibriú aerárthaí i gcás neamh-chomhréireacht lena ndearadh, ní dhéanann ardchaighdeán táirgeachta, mar a dheimhnítear le Foirm 1 de chuid EASA, sábháilteacht bhreise a sholáthar d'oibríochtaí aeir, agus cruthaítear ualach riaracháin nach bhfuil gá leis nuair a eisítear Foirm 1 de chuid EASA.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart cead a bheith ann páirteanna agus fearais áirithe a tháirgeadh gan é a bheith riachtanach a gcomhréireacht le sonraí formheasta an deartha a dheimhniú trí Fhoirm 1 de chuid EASA a eisiúint, agus cead a bheith ann na páirteanna agus na fearais sin a shuiteáil i dtáirgí a bhfuil deimhniú cineáil déanta orthu.

(8) D'fhéadfaí a mheas go bhfuil aon aerárthach ag dul in aois ó thráth a mhonaraithe. Braitheann aosú aerárthaigh ar thosca amhail aois, líon na dtimthriallta eitilte agus líon na n-uaireanta eitilte. Is léir ón taithí sheirbhíse a fuarthas gur gá an t-eolas faoi shláine struchtúrach na n-aerárthaí atá ag dul in aois a thabhairt cothrom le dáta go leanúnach. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1159 ón gCoimisiún ([3]) tugadh ceanglais nua isteach maidir le haerárthaí atá i seirbhís chun an t-eolas faoi thosca aosaithe a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn taithí oibríochtúil fíor-ama agus trí úsáid a bhaint as uirlisí nua-aimseartha anailíse agus tástála. Ba cheart a áirithiú leis na ceanglais sin go gcloífidh sealbhóirí an fhormheasta dearaidh leis na nósanna imeachta, go gcuirfidh siad na sonraí ar fáil agus go ndéanfaidh siad na treoracha agus na lámhleabhair le haghaidh an dearaidh atá ann cheana a chur ar fáil d'oibreoirí go pras chun cosc a chur ar theipeanna sa struchtúr aosaithe.

(9) Nuair a dhéantar struchtúr eitleáin mhóir a bhfuil deimhniú cineáil déanta air a mhodhnú agus tar éis Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1159 a bheith comhlíonta, ní bhíonn formheas na n-athruithe nó na ndeisiúchán sin sa todhchaí faoi réir na gceanglas sin maidir le sláine struchtúrach leanúnach. Thairis sin, nuair a dhéantar iarratas ar dheimhniú cineáil nua nó deimhniú cineáil srianta le haghaidh eitleáin mhóra, ní ann d'aon cheanglas chun a áirithiú go leanfaidh an clár um shláine struchtúrach leanúnach de bheith bailí i rith shaolré oibríochtúil an eitleáin.

(10) Dá bhrí sin, is gá na rialacha atá ann cheana a leasú chun an leibhéal céanna sábháilteachta a bhaint amach nuair a bheidh struchtúir mhóra eitleán faoi réir athruithe struchtúracha nó deisiúchán sa todhchaí arna bhforbairt agus arna bhformheas i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012, agus ceanglas a chur isteach go n-áiritheoidh aon sealbhóir deimhnithe cineáil nó deimhnithe cineáil shrianta le haghaidh eitleán mór sa todhchaí go leanfaidh an clár um shláine struchtúrach leanúnach de bheith bailí i rith shaolré oibríochtúil an eitleáin.

(11) Thairis sin, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1383 ón gCoimisiún ([4]), tugadh riail isteach gurb é an duine nó an eagraíocht a dhéanann athbhreithniú aeracmhainneachta ar aerárthaí faoi réir ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn Vb (Cuid-ML) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún ([5]) an té a eisíonn an Deimhniú ar Athbhreithniú Aeracmhainneachta (ARC) freisin. Ba cheart, dá bhrí sin, pointí 21.A.174 agus 21. B.325 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a leasú chun iad a ailíniú leis na ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014.

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1159 an 5 Lúnasa 2020 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1321/2014 agus (AE) 2015/640 a mhéid a bhaineann le ceanglais aeracmhainneachta nua bhreise a thabhairt isteach (IO L 257, 6.8.2020, lch. 14).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1383 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2019 lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 a mhéid a bhaineann le córais bainistithe sábháilteachta in eagraíochtaí bainistithe aeracmhainneachta leanúnaí agus maoluithe le haghaidh aerárthaí ginearálta eitlíochta a bhaineann le cothabháil agus bainistiú aeracmhainneachta leanúnaí (IO L 228, 4.9.2019, lch. 1).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2014 maidir le haeracmhainneacht leanúnach na n-aerárthach agus táirgí, páirteanna agus fearais aerloingseoireachta, agus maidir le formheas na heagraíochtaí agus an pearsanra a bhfuil baint acu leis na cúraimí sin (IO L 362, 17.12.2014, lch. 1).

(12) Thairis sin, ní úsáidtear an téarma "aeracmhainneacht leanúnach" go comhsheasmhach i Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 nuair a dhéantar tagairt do na sonraí arna mbunú ag sealbhóir an fhormheasta dearaidh. Dá bhrí sin, is gá pointí 21.A.181, 21.A.211 agus 21.A.431B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a cheartú.

(13) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/897 ón gCoimisiún ([6]), leasaíodh pointí 21.A.15, 21.A.93 agus 21.A.432C d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012. I bpointí (b) agus (d) de phointe 21.A.15, i bpointe (b) de phointe 21.A.93 agus i bpointe (b) de phointe 21.A.432C, rinneadh botún gramadaí nuair a bhíothas ag tagairt don fhéidearthacht a bhaineann leis an iarratas tosaigh a fhorlíonadh leis an gclár deimhniúcháin níos déanaí. Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a cheartú dá bhrí sin.

(14) Chun a áirithiú go ndéanfar an Rialachán seo a chur chun feidhme go cuí, ba cheart a ndóthain ama a thabhairt do na Ballstáit agus do na geallsealbhóirí lena mbaineann a gcuid nósanna imeachta a chur in oiriúint don chreat rialála nua sula mbeidh feidhm ag an Rialachán seo.

(15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le Tuairimí 12/2016 ([7]) agus 7/2019 ([8]) ó Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh arna dtíolacadh de bhun Airteagal 76(1) de Rialachán (AE) 2018/1139,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 mar a leanas:

1. cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 d'Airteagal 9:

"1. Déanfaidh eagraíocht atá freagrach as monarú táirgí, páirteanna agus fearas a cumas a léiriú i gcomhréir le forálacha Iarscríbhinn I (Cuid 21). Ní gá an léiriú cumais sin i gcás na bpáirteanna nó na bhfearas a mhonaraíonn eagraíocht atá incháilithe, i gcomhréir le forálacha Iarscríbhinn I (Cuid 21), lena suiteáil i dtáirge a bhfuil deimhniú cineáil déanta air agus nach gá go mbeadh deimhniú údaraithe um scaoileadh (i.e. Foirm 1 de chuid EASA) ag gabháil leis.";

2. Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Ceartaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 18 Bealtaine 2022, cé is moite d'Airteagal 2 agus pointe 4, pointe 6, pointe 9 agus pointe 15 d'Iarscríbhinn I a mbeidh feidhm acu ón 18 Bealtaine 2021.

([6]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/897 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a mhéid a bhaineann le fíorú comhlíontachta rioscabhunaithe a áireamh in Iarscríbhinn I agus cur chun feidhme na gceanglas maidir le cosaint an chomhshaoil (IO L 144, 3.6.2019, lch. 1).

([7]) Tuairim 12/2016: Struchtúir aerárthaí atá ag dul in aois.

([8]) Tuairim 07/2019: Treoracha le haghaidh aeracmhainneacht leanúnach – Suiteáil páirteanna agus fearas a scaoiltear gan Foirm 1 de chuid EASA nó a comhionann.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Nollaig 2020.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

Leasaítear Iarscríbhinn I (Cuid 21) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chláir:

"*Clár*

21.1 General

**ROINN A – CEANGLAIS THEICNIÚLA**

FOCHUID A – FORÁLACHA GINEARÁLTA

21.A.1 Raon Feidhme

21.A.2 Gealltanas arna dhéanamh ag duine eile seachas an t-iarratasóir, nó ag an sealbhóir, le haghaidh deimhnithe

21.A.3A Teipeanna, mífheidhmithe agus fabhtanna

21.A.3B Treoracha maidir le haeracmhainneacht

21.A.4 Comhordú idir an dearadh agus an táirgeadh

21.A.5 Coimeád taifead

21.A.6 Lámhleabhair

21.A.7 Treoracha le haghaidh aeracmhainneacht leanúnach

FOCHUID B – DEIMHNITHE CINEÁIL AGUS DEIMHNITHE SRIANTA CINEÁIL

21.A.11 Raon Feidhme

21.A.13 Incháilitheacht

21.A.14 Léiriú acmhainne

21.A.15 Cur i bhfeidhm

21.A.19 Athruithe a éilíonn deimhniú cineáil nua

21.A.20 Léiriú go bhfuil an bonn deimhnithe cineáil, an bonn le haghaidh na sonraí oiriúnachta oibríochtúla agus na ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil á gcomhlíonadh

21.A.21 Ceanglais maidir le heisiúint deimhnithe cineáil nó deimhnithe shrianta cineáil

21.A.31 Dearadh cineáil

21.A.33 Cigireachtaí agus tástálacha

21.A.35 Tástálacha eitilte

21.A.41 Deimhniú cineáil

21.A.44 Oibleagáidí an tsealbhóra

21.A.47 Inaistritheacht

21.A.51 Fad agus bailíocht leanúnach

21.A.62 Infhaighteacht shonraí na hoiriúnachta oibríochtúla

21.A.65 Sláine struchtúrach leanúnach le haghaidh struchtúir eitleáin

(FOCHUID C – NEAMHBHAINTEACH)

FOCHUID D – ATHRUITHE AR DHEIMHNITHE CINEÁIL AGUS AR DHEIMHNITHE SRIANTA CINEÁIL

21.A.90A Raon Feidhme

21.A.90B Athruithe caighdeánacha

21.A.90C Athruithe neamhspleácha ar na Treoracha maidir le hAeracmhainneacht Leanúnach

21.A.91 Aicmiú na n-athruithe ar dheimhniú cineáil

21.A.92 Incháilitheacht

21.A.93 Cur i bhfeidhm

21.A.95 Ceanglais maidir le mionathrú a fhormheas

21.A.97 Ceanglais maidir le mórathrú a fhormheas

21.A.101 Bonn an deimhnithe cineáil, bonn shonraí na hoiriúnachta oibríochtúla agus na ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil do mhórathrú ar dheimhniú cineáil

21.A.108 Infhaighteacht shonraí na hoiriúnachta oibríochtúla

21.A.109 Oibleagáidí agus marcáil EPA

FOCHUID E – DEIMHNITHE FORLÍONTACHA CINEÁIL

21.A.111 Raon Feidhme

21.A.112A Incháilitheacht

21.A.112B Léiriú acmhainne

21.A.113 Iarratas ar dheimhniú forlíontach cineáil

21.A.115 Ceanglais maidir le mórathrú a fhormheas i bhfoirm deimhniú forlíontach cineáil

21.A.116 Inaistritheacht

21.A.117 Athruithe ar an gcuid den táirge arna cumhdach le deimhniú forlíontach cineáil

21.A.118A Oibleagáidí agus marcáil EPA

21.A.118B Fad agus bailíocht leanúnach

21.A.120B Infhaighteacht shonraí na hoiriúnachta oibríochtúla

FOCHUID F – TÁIRGEADH GAN FORMHEAS NA hEAGRAÍOCHTA TÁIRGTHE

21.A.121 Raon Feidhme

21.A.122 Incháilitheacht

21.A.124 Cur i bhfeidhm

21.A.125A Eisiúint litir an chomhaontaithe

21.A.125B Torthaí

21.A.125C Fad agus bailíocht leanúnach

21.A.126 Córas chigireacht an táirgthe

21.A.127 Tástálacha: aerárthaí

21.A.128 Tástálacha: innill agus liáin

21.A.129 Oibleagáidí an mhonaróra

21.A.130 Ráiteas comhréireachta

FOCHUID G – FORMHEAS NA hEAGRAÍOCHTA TÁIRGTHE

21.A.131 Raon Feidhme

21.A.133 Incháilitheacht

21.A.134 Cur i bhfeidhm

21.A.135 Eisiúint fhormheas na heagraíochta táirgthe

21.A.139 Córas cáilíochta

21.A.143 Tuairisc

21.A.145 Ceanglais maidir le formheas

21.A.147 Athruithe ar an eagraíocht fhormheasta an táirgthe

21.A.148 Athrú ar an suíomh

21.A.149 Inaistritheacht

21.A.151 Téarmaí an fhormheasa

21.A.153 Athruithe ar théarmaí an fhormheasa

21.A.157 Iniúchtaí

21.A.158 Torthaí

21.A.159 Fad agus bailíocht leanúnach

21.A.163 Pribhléidí

21.A.165 Oibleagáidí an tsealbhóra

FOCHUID H – DEIMHNITHE AERACMHAINNEACHTA AGUS DEIMHNITHE SRIANTA AERACMHAINNEACHTA

21.A.171 Raon Feidhme

21.A.172 Incháilitheacht

21.A.173 Aicmiú

21.A.174 Cur i bhfeidhm

21.A.175 Teanga

21.A.177 Leasú nó modhnú

21.A.179 Inaistritheacht agus atheisiúint laistigh de na Ballstáit

21.A.180 Cigireachtaí

21.A.181 Fad agus bailíocht leanúnach

21.A.182 Aitheantas aerárthaí

FOCHUID I – DEIMHNITHE TORAINN

21.A.201 Raon Feidhme

21.A.203 Incháilitheacht

21.A.204 Cur i bhfeidhm

21.A.207 Leasú nó modhnú

21.A.209 Inaistritheacht agus atheisiúint laistigh de na Ballstáit

21.A.210 Cigireachtaí

21.A.211 Fad agus bailíocht leanúnach

FOCHUID J– FORMHEAS NA hEAGRAÍOCHTA DEARTHA

21.A.231 Raon Feidhme

21.A.233 Incháilitheacht

21.A.234 Cur i bhfeidhm

21.A.235 Eisiúint fhormheas na heagraíochta deartha

21.A.239 Córas um dhearbhú dearatha

21.A.243 Sonraí

21.A.245 Ceanglais maidir le formheas

21.A.247 Athruithe ar an gcóras um dhearbhú deartha

21.A.249 Inaistritheacht

21.A.251 Téarmaí an fhormheasa

21.A.253 Athruithe ar théarmaí an fhormheasa

21.A.257 Iniúchtaí

21.A.258 Torthaí

21.A.259 Fad agus bailíocht leanúnach

21.A.263 Pribhléidí

21.A.265 Oibleagáidí an tsealbhóra

FOCHUID K – PÁIRTEANNA AGUS FEARAIS

21.A.301 Raon Feidhme

21.A.303 Comhlíonadh an gceanglas is infheidhme

21.A.305 Formheas páirteanna agus fearas

21.A.307 Incháilitheacht páirteanna agus fearas le haghaidh suiteála

(FOCHUID L – NEAMHBHAINTEACH)

FOCHUID M – DEISIÚCHÁIN

21.A.431A Raon Feidhme

21.A.431B Deisiúcháin chaighdeánacha

21.A.432A Incháilitheacht

21.A.432B Léiriú acmhainne

21.A.432C Iarratas ar fhormheas le haghaidh dearadh deisiúcháin

21.A.433 Ceanglais maidir le dearadh deisiúcháin a fhormheas

21.A.435 Aicmiú agus formheas deartha deisiúcháin

21.A.439 Táirgeadh páirteanna deisiúcháin

21.A.441 Corprú deisiúcháin

21.A.443 Teorainneacha

21.A.445 Damáiste neamhdheisithe

21.A.451 Oibleagáidí agus marcáil EPA

(FOCHUID N– NEAMHBHAINTEACH)

FOCHUID O – ÚDARUITHE I dTAOBH ORDUITHE CAIGHDEÁNACHATEICNIÚLA EORPACHA

21.A.601 Raon Feidhme

21.A.602A Incháilitheacht

21.A.602B Léiriú acmhainne

21.A.603 Cur i bhfeidhm

21.A.604 Údarú ETSO le haghaidh aonad cumhachta cúnta (APU)

21.A.605 Ceanglais maidir le sonraí

21.A.606 Ceanglais maidir húdarú ETSO a eisiúint

21.A.607 Pribléidí údarú ETSO

21.A.608 Dearbhú Deartha agus Feidhmíochta (DDP)

21.A.609 Oibleagáidí shealbhóirí údaruithe ETSO

21.A.610 Formheas le haghaidh diallais

21.A.611 Athruithe ar an dearadh

21.A.615 Cigireacht ag an nGníomhaireacht

21.A.619 Fad agus bailíocht leanúnach

21.A.621 Inaistritheacht

FOCHUID P – CEAD EITILTE

21.A.701 Raon Feidhme

21.A.703 Incháilitheacht

21.A.705 Údarás inniúil

21.A.707 Iarratas ar chead eitilte

21.A.708 Dálaí eitilte

21.A.709 Iarratas ar fhormheas dálaí eitilte

21.A.710 Formheas dálaí eitilte

21.A.711 Eisiúint ceada eitilte

21.A.713 Athruithe

21.A.715 Teanga

21.A.719 Inaistritheacht

21.A.721 Cigireachtaí

21.A.723 Fad agus bailíocht leanúnach

21.A.725 Athnuachan ceada eitilte

21.A.727 Oibleagaidí an tsealbhóra ceada eitilte

21.A.729 Coimeád taifead

FOCHUID Q – SAINAITHINT TÁIRGÍ, PÁIRTEANNA AGUS FEARAS

21.A.801 Sainaithint táirgí

21.A.803 Láimhseáil na sonraí sainaitheantais

21.A.804 Sainaithint páirteanna agus fearas

21.A.805 Sainaithint páirteanna criticiúla

21.A.807 Sainaithint earraí ETSO

FOCHUID B – DEIMHNITHE CINEÁIL AGUS DEIMHNITHE SRIANTA CINEÁIL

FOCHUID A – FORÁLACHA GINEARÁLTA

21.B.5 Raon Feidhme

21.B.20 Oibleagáidí an údaráis inniúil

21.B.25 Ceanglais maidir le heagrú an údaráis inniúil

21.B.30 Nósanna imeachta doiciméadaithe

21.B.35 Athruithe ar eagrú agus nósanna imeachta

21.B.40 Réiteach díospóidí

21.B.45 Tuairisciú/comhordú

21.B.55 Coimeád taifead

21.B.60 Treoracha maidir le haeracmhainneacht

FOCHUID B – DEIMHNITHE CINEÁIL AGUS DEIMHNITHE SRIANTA CINEÁIL

21.B.70 Sonraíochtaí deimhniúcháin

21.B.75 Coinníollacha speisialta

21.B.80 Bonn an deimhnithe cineáil le haghaidh deimhniú cineáil nó deimhniú srianta cineáil

21.B.82 Bonn shonraí na hoiriúnachta oibríochtaúla le haghaidh deimhniú cineáil aerárthaigh nó deimhniú srianta cineáil aerárthaigh

21.B.85 Ainmniú na gceanglas costas comhshaoil is infheidhme agus na sonraíochtaí deimhnithe le haghaidh deimhniú cineáil nó deimhniú srianta cineáil

21.B.100 Leibhéal rannpháirtíochta

21.B.103 eisiúint deimhnithe cineáil nó deimhnithe shrianta cineáil

(FOCHUID C – NEAMHBHAINTEACH)

FOCHUID D – ATHRUITHE AR DHEIMHNITHE CINEÁIL AGUS AR DHEIMHNITHE SRIANTA CINEÁIL

21.B.105 Bonn an deimhnithe cineáil, na ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil agus bonn shonraí na hoiriúnachta oibríochtúla do mhórathrú ar dheimhniú cineáil

21.B.107 Eisiúint formheasa le haghaidh deimhniú cineáil

FOCHUID E – DEIMHNITHE FORLÍONTACHA CINEÁIL

21.B.109 Bonn an deimhnithe cineáil, na ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil agus deimhniú shonraí na hoiriúnachta oibríochtúla do dheimhniú forlíontach cineáil

21.B.111 Eisiúint deimhnithe fhorlíontaigh cineáil

FOCHUID F – TÁIRGEADH GAN FORMHEAS NA hEAGRAÍOCHTA TÁIRGTHE

21.B.120 Iniúchadh

21.B.125 Torthaí

21.B.130 Eisiúint litir an chomhaontaithe

21.B.135 Cothabháil litir an chomhaontaithe

21.B.140 Leasú litir an chomhaontaithe

21.B.145 Teorannú, fionraí agus cúlghairm litir an chomhaontaithe

21.B.150 Coimeád taifead

FOCHUID G – FORMHEAS NA hEAGRAÍOCHTA TÁIRGTHE

21.B.220 Iniúchadh

21.B.225 Torthaí

21.B.230 Eisiúint deimhnithe

21.B.235 Faireachas leanúnach

21.B.240 Leasú fhormheas na heagraíochta táirgthe

21.B.245 Fionraí agus cúlghairm fhormheas na heagraíochta táirgthe

21.B.260 Coimeád taifead

FOCHUID H – DEIMHNITHE AERACMHAINNEACHTA AGUS DEIMHNITHE SRIANTA AERACMHAINNEACHTA

21.B.320 Iniúchadh

21.B.325 Eisiúint deimhnithe aeracmhainneachta

21.B.326 Deimhniú aeracmhainneachta

21.B.327 Deimhniú srianta aeracmhainneachta

21.B.330 Fionraí agus cúlghairm deimhnithe aeracmhainneachta agus deimhnithe srianta aeracmhainneachta

21.B.345 Coimeád taifead

FOCHUID I – DEIMHNITHE TORAINN

21.B.420 Iniúchadh

21.B.425 Eisiúint deimhnithe torainn

21.B.430 Fionraí agus cúlghairm deimhnithe torainn

21.B.445 Coimeád taifead

FOCHUID J– FORMHEAS NA hEAGRAÍOCHTA DEARTHA

FOCHUID K – PÁIRTEANNA AGUS FEARAIS

(FOCHUID L – NEAMHBHAINTEACH)

FOCHUID M – DEISIÚCHÁIN

21.B.450 Bonn an deimhnithe cineáil, na ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil d'fhormheas le haghaidh mórdhearadh deisiúcháin

21.B.453 Eisiúint formheasa le haghaidh dearadh deisiúcháin

(FOCHUID N– NEAMHBHAINTEACH)

FOCHUID O – ÚDARUITHE I DTAOBH ORDUITHE CAIGHDEÁNACHATEICNIÚLA EORPACHA

21.B.480 Eisiúint údarú ETSO

FOCHUID P – CEAD EITILTE

21.B.520 Iniúchadh

21.B.525 Eisiúint ceadanna eitilte

21.B.530 Cúlghairm ceadanna eitilte

21.B.545 Coimeád taifead

FOCHUID Q – SAINAITHINT TÁIRGÍ, PÁIRTEANNA AGUS FEARAS

Foscríbhinní

Foscríbhinn I – Foirm 1 EASA – Deimhniú Scaoilte Údaraithe;

Foscríbhinn II – Foirm 15 EASA – Deimhniú um Athbhreithniú Aeracmhainneachta;

Foscríbhinn III – Foirm 20a EASA – Cead Eitilte;

Foscríbhinn IV – Foirm 20b EASA – Cead Eitilte (arna heisiúint ag eagraíochtaí formheasta);

Foscríbhinn V – Foirm 24 EASA – Deimhniú Srianta Aeracmhainneachta;

Foscríbhinn VI – Foirm 25 EASA – Deimhniú Aeracmhainneachta;

Foscríbhinn VII – Foirm 45 EASA – Deimhniú Torainn;

Foscríbhinn VIII – Foirm 52 EASA – Ráiteas Comhréireachta Aerárthaí;

Foscríbhinn IX – Foirm 53 EASA – Deimhniú um Scaoileadh chun Seirbhíse;

Foscríbhinn X – Foirm 55 EASA – Deimhniú Fhormheas na hEagraíochta Táirgthe;

Foscríbhinn XI – Foirm 65 EASA – Litir an Chomhaontaithe maidir le táirgeadh gan formheas na heagraíochta táirgthe;

Foscríbhinn XII – Catagóirí na dtástálacha eitilte agus na cáilíochta gaolmhaire don fhoireann tástála eitilte 85.";

(2) cuirtear isteach na pointe 21.A.5, 21.A.6 agus 21.A.7 seo a leanas:

**"21.A.5 Coimeád taifead**

Déanfaidh sealbhóir deimhnithe cineáil, deimhnithe shrianta cineáil, deimhnithe fhorlíontaigh cineáil, athraithe deartha nó formheasa deartha deisiúcháin gach faisnéis ábhartha maidir le dearadh, gach líníocht agus gach tuarascáil tástála, lena n-áirítear taifid chigireachta don táirge nó don earra a ndéantar tástáil air a choinneáil ar fáil don Ghníomhaireacht chun críche deimhniúcháin, agus coinneofar iad chun an fhaisnéis is gá a sholáthar chun aeracmhainneacht leanúnach, bailíocht leanúnach shonraí na hoiriúnachta oibríochtúla agus comhlíonadh cheanglais infheidhme an táirge nó na míre maidir le cosaint an chomhshaoil a áirithiú.

**21.A.6 Lámhleabhair**

Déanfaidh sealbhóir deimhnithe cineáil, deimhnithe shrianta cineáil, nó deimhnithe fhorlíontaigh cineáil máistirchóipeanna de na lámhleabhair nó de na hathruithe uile sna lámhleabhair a cheanglaítear leis an mbonn deimhniúcháin cineáil is infheidhme, leis an mbonn deimhniúcháin infheidhme ar shonraí na hoiriúnachta oibríochtúla agus leis na ceanglais cosanta comhshaoil don táirge nó don earra a tháirgeadh, a chothabháil agus a thabhairt cothrom le dáta, agus soláthróidh sé cóipeanna, arna iarraidh sin, don Ghníomhaireacht.

**21.A.7 Treoracha le haghaidh aeracmhainneacht leanúnach**

(a) Déanfaidh sealbhóir deimhnithe cineáil, deimhnithe shrianta cineáil, deimhnithe fhorlíontaigh cineáil, athraithe deartha nó formheasa deartha deisiúcháin na treoracha a fhorbairt nó a tharchur a bheidh riachtanach chun a áirithiú go gcoinneofar ar bun an caighdeán aeracmhaineachta a bhaineann leis an gcineál aerárthaigh agus le haon pháirt ghaolmhar i rith shaolré oibríochtúil an aerárthaigh, nuair a bheidh comhlíonadh an bhoinn deimhniúcháin cineáil is infheidhme á léiriú aige arna bhunú agus arna fhógairt ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le pointe 21.B.80.

(b) Déanfar ar a laghad sraith iomlán amháin de threoracha maidir le haeracmhaineacht leanúnach a chur ar fáil mar seo a leanas:

1. cuirfidh sealbhóir deimhnithe cineáil nó deimhnithe shrianta cineáil an tsraith treoracha sin ar fáil do gach úinéir aitheanta táirge amháin nó níos mó tráth a sheachadta nó nuair a eiseofar an chéad deimhniú aeracmhainneachta nó deimhniú srianta aeracmhainneachta don aerárthach a ndéantar difear dó, cibé acu is déanaí,

2. déanfaidh sealbhóir deimhnithe fhorlíontaigh cineáil nó athraithe formheasa athraithe deartha an tsraith sin a sholáthar do gach oibreoir aitheanta den táirge a ndéanann an t-athrú difear dó nuair a scaoiltear chun seirbhíse an táirge modhnaithe,

3. déanfaidh sealbhóir formheasa deartha deisiúcháin an tsraith sin a sholáthar do gach oibreoir aitheanta an táirge a ndéanfaidh an deisiúchán difear dó tar éis scaoileadh chun seirbhíse an táirge ina bhfuil an dearadh deisiúcháin corpraithe. Féadfar an táirge, an pháirt nó an fearas deisithe a scaoileadh chun seirbhíse sula mbeidh na treoracha gaolmhara maidir le haeracmhainneacht leanúnach curtha i gcrích, ach is ar feadh tréimhse theoranta seirbhíse a tharlóidh sé sin, agus le comhaontú na Gníomhaireachta.

Ina dhiaidh sin, cuirfidh na sealbhóirí formheasa deartha na treoracha sin ar fáil arna iarraidh sin d'aon duine eile a gceanglaítear air nó uirthi na treoracha sin a chomhlíonadh.

(c) De mhaolú ar phointe (b), féadfaidh sealbhóir an deimhnithe cineáil nó sealbhóir an deimhnithe shrianta cineáil moill a chur ar infhaighteacht cuid de na treoracha i leith na haeracmhainneachta leanúnaí, ag déileáil le treoracha maidir le cur i gcrích aga fhada de chineál sceidealta, go dtí go mbeidh an táirge nó an táirge modhnaithe curtha chun seirbhíse, ach cuirfidh sé na treoracha sin ar fáil sula mbeidh gá leis na sonraí sin a úsáid don táirge nó don táirge modhnaithe.

(d) Déanfaidh sealbhóir an fhormheasa deartha, a gceanglaítear air treoracha maidir le haeracmhainneacht leanúnach a sholáthar i gcomhréir le pointe (b), athruithe ar na treoracha sin a chur ar fáil freisin d'oibreoirí uile an táirge a ndéanann an t-athrú difear dóibh, arna iarraidh sin, d'aon duine eile a gceanglaítear air na hathruithe sin a chomhlíonadh. Léireoidh an sealbhóir formheasa dearatha don Ghníomhaireacht, arna iarraidh sin, leorgacht an phróisis chun athruithe a chur ar fáil ar na treoracha i leith aeracmhainneacht leanúnach i gcomhréir leis an bpointe seo.";

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.41:

**"21.A.41 Deimhniú cineáil**

Áirítear ar an deimhniú cineáil agus ar an deimhniú srianta cineáil an dearadh cineáil, na teorainneacha oibriúcháin, treoracha maidir le haeracmhainneacht leanúnach, bileog sonraí an deimhnithe cineáil i leith aeracmhainneachta agus astaíochtaí, an bonn don deimhniú cineáil agus na ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil a ndéanann an Ghníomhaireacht taifead ar chomhlíonadh ina leith, agus aon choinníollacha nó teorainneacha eile a fhorordaítear don táirge sna sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme agus sna ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil. Chomh maith leis sin, áireofar i ndeimhniú cineáil agus i ndeimhniú srianta cineáil an aerárthaigh an bonn is infheidhme do dheimhniú sonraí na hoiriúnachta oibríochtúla, sonraí na hoiriúnachta oibríochtúla agus bileog sonraí an deimhnithe cineáil le haghaidh torainn. Áireofar ar an deimhniú cineáil aerárthaigh agus ar bhileog sonraí an deimhnithe shrianta cineáil an taifead ar chomhlíonadh astaíochtaí CO2 agus beidh taifead ar chomhlíonadh astaíochtaí sceite san áireamh i mbileog sonraí deimnithe cineáil an innill.";

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.44:

**"21.A.44 Oibleagáidí an tsealbhóra**

Déanfaidh gach sealbhóir deimhnithe cineáil nó deimhnithe shrianta cineáil an méid seo a leanas:

(a) na hoibleagáidí a leagtar síos i bpointe 21.A.3A, 21.A.3B, 21.A.4, 21.A.55, 21.A.57, 21.A.61, 21.A.62 agus 21. A.65 a ghabháil de láimh; agus, chun na críche sin, leanfaidh siad de na ceanglais cháilíochta le haghaidh incháilitheachta faoi phointe 21.A.14 a chomhlíonadh; agus

(b) an mharcáil a shonrú i gcomhréir le Fochuid Q.";

Amhail ón 18 Bealtaine 2022, tuigfear gurb ionann an oibleagáid chun na hoibleagáidí a liostaítear faoi phointe a) a chomhlíonadh agus tagairt do phointe 21.A.3A, 21.A.3B, 21.A.4, 21.A.5, 21.A.6, 21.A.7, 21.A.62 agus 21.A.65; agus, chun na críche sin, leanfaidh gach sealbhóir deimnithe cineáil nó deimhnithe shrianta cineáil de na ceanglais cháilíochta le haghaidh incháilitheachta faoi phointe 21.A.14 a chomhlíonadh.

(5) scriostar pointe 21.A.55, 21.A.57 agus 21.A.61;

(6) cuirtear isteach pointe 21.A.65 seo a leanas:

**"21.A.65 Sláine struchtúrach leanúnach le haghaidh struchtúir eitleán**

Áiritheoidh sealbhóir deimhnithe cineáil nó an deimhnithe shrianta cineáil d'eitleán mór go leanfaidh an clár leanúnach sláine struchtúraí de bheith bailí i rith shaolré oibríochtúil an eitleáin, agus taithí seirbhíse agus oibríochtaí reatha á gcur san áireamh";

(7) i bpointe 21.A.90B(a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2:

"2. go leanfaidh siad na sonraí maidir le dearadh a áirítear i sonraíochtaí deimhniúcháin arna n-eisiúint ag an nGníomhaireacht, ina mbeidh modhanna, teicnící agus cleachtais inghlactha chun deisiúcháin chaighdeánacha a chur i gcrích agus a shainaithint, lena n-áirítear na treoracha gaolmhara maidir le haeracmhainneacht leanúnach; agus";

(8) cuirtear isteach pointe 21.A.90C seo a leanas:

**"21.A.90C Athruithe neamhspleácha ar na Treoracha maidir le hAeracmhainneacht Leanúnach**

(a) Is éard atá in athruithe neamhspleácha ar na treoracha maidir le haeracmhainneacht leanúnach ná athruithe nach n-ullmhaítear go díreach mar thoradh ar athrú ar dhearadh cineáil nó ar dhearadh deisiúcháin.

(b) Ní féidir ach le sealbhóir an fhormheasa deartha ar bunaíodh na treoracha sin ina leith athruithe neamhspleácha a dhéanamh ar na treoracha maidir le haeracmhainneacht leanúnach.

(c) Ní bheidh feidhm ag pointe 21.A.91 go 21.A.109 maidir le hathruithe neamhspleácha ar na treoracha maidir le haeracmhainneacht leanúnach, ar athruithe iad:

1. nach ndéanfaidh difear do roinn na dteorainneacha aeracmhainneachta de chuid na dtreoracha maidir le haeracmhainneacht leanúnach, agus

2. nach gcuirfidh de cheangal ar an sealbhóir formheasa an deartha aon léiriú breise a dhéanamh go bhfuil an bonn deimhniúcháin á chomhlíonadh.

(d) Is é sealbhóir formheasa an deartha a fhormheasfaidh athruithe neamhspleácha ar na treoracha maidir le haeracmhainneacht leanúnach dá dtagraítear i bpointe (c) faoi nósanna imeachta arna gcomhaontú leis an nGníomhaireacht."

(9) leasaítear pointe 21.A.101 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre de phointe (b):

"(b) Ach amháin mar a fhoráiltear i bpointe (h), de mhaolú ar phointe (a), féadfar leasú a rinneadh roimhe sin ar shonraíocht deimhniúcháin dá dtagraítear i bpointe (a) agus ar aon sonraíocht deimhniúcháin eile atá gaolmhar go díreach a úsáid in aon cheann de na cásanna seo a leanas, mura rud é gur tháinig an leasú a bhí ann ní ba luaithe i bhfeidhm roimh an dáta a tháinig na sonraíochtaí deimhniúcháin comhfhreagracha arna n-ionchorprú de réir tagairtí i bhfeidhm sa deimhniú cineáil:";

(b) cuirtear pointe (h) seo a leanas isteach:

"(h) I gcás eitleáin mhóra atá faoi réir phointe 26.300 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/640 (*), comhlíonfaidh an t-iarratasóir sonraíochtaí deimhniúcháin a sholáthraíonn ar a laghad leibhéal sábháilteachta atá coibhéiseach, le pointe 26.300, 26.320 agus 26.330 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/640, cé is moite d'iarratasóirí ar dheimhnithe forlíontacha cineáil nach gceanglaítear orthu pointe 26.303 a chur san áireamh.

(*) Rialachán (AE) 2015/640 ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2015 maidir le sonraíochtaí aeracmhainneachta breise le haghaidh cineál áirithe oibríochtaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 (IO L 106, 24.4.2015, lch. 18)".

(10) scriostar pointe 21.A.105 agus pointe 21.A.107;

(11) i bpointe 21.A.109, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) na hoibleagáidí a leagtar síos i bpointe 21.A.4, 21.A.5, 21.A.7 agus 21.A.108 a ghabháil de láimh; agus";

(12) i bpointe 21.A.118A, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a)(1):

"1. a leagtar síos i bpointe 21.A.3A, 21.A.3B, 21.A.4, 21.A.5, 21.A.6, 21.A.7, agus 21.A.120B;";

(13) scriostar pointe 21.A.119 agus pointe 21.A.120A;

(14) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.307:

**"21.A.307 Incháilitheacht páirteanna agus fearas le haghaidh suiteála**

(a) Tá páirt nó fearas incháilithe lena shuiteáil nó lena suiteáil i dtáirge cineál-dheimhnithe nuair atá a riocht sábháilte lena oibriú nó lena hoibriú go sábháilte, marcáilte i gcomhréir le Fochuid Q agus go bhfuil deimhniú scaoilte údaraithe (Foirm EASA 1) ag gabháil leis nó léi, á dheimhniú gur monaraíodh an t-earra i gcomhréir le sonraí deartha arna bhformheas.

(b) De mhaolú ar phointe (a) agus ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha i bpointe (c), ní cheanglaítear Foirm 1 EASA leis na páirteanna ná leis na fearais seo a leanas chun bheith incháilithe le haghaidh suiteála i dtáirge cineál-dheimhnithe:

(1) páirt chaighdeánach;

(2) i gcás ELA1 nó ELA2, páirt nó fearas:

(i) nach bhfuil a ré teoranta, ná mar chuid den phríomhstruchtúr, ná mar chuid de na rialuithe eitilte;

(ii) go bhfuil sé nó sí sainaitheanta le haghaidh suiteála san aerárthach ar leith;

(iii) le bheith suiteáilte in aerárthach a bhfuil a úinéir tar éis comhlíonadh na gcoinníollacha is infheidhme in (i) agus (ii) a fhíorú, agus freagracht as an gcomhlíonadh sin a ghlacadh;

(3) páirt nó fearas ar beag an éifeacht sábháilteachta a bhíonn ag neamh-chomhréireacht a sonraí deartha arna bhformheas ar an táirge agus a shainaithníonn sealbhóir an fhormheasa deartha mar sin sna treoracha maidir le haeracmhainneacht leanúnach. Chun na héifeachtaí sábháilteachta a bhaineann le páirt nó fearas neamh-chomhréireach a chinneadh, féadfaidh sealbhóir an deartha na gníomhaíochtaí físoraithe a bhaineann go sonrach le haeracmhainneacht leanúnach a bhunú sna treoracha a bheidh le déanamh ag suiteálaí na páirte nó an fhearais ar an táirge;

(4) i gcás ina ndéantar athrú ar chaighdeán i gcomhréir le pointe 21.A.90B nó deisiú caighdeánach i gcomhréir le pointe 21.A.431B, páirt nó fearas a mbaineann éifeacht dhiomaibhseach sábháilteachta ar an táirge leis na hiarmhairtí a bhaineann le neamh-chomhréireacht a shonraí nó a sonraí deartha, agus a shainaithnítear mar sin sna sonraíochtaí deimhniúcháin le haghaidh athruithe caighdeánacha agus deisiúcháin chaighdeánacha arna n-eisiúint i gcomhréir le pointe (a)(2) de phointe 21.A.90B agus pointe (a)(2) de phointe 21.A.431B. Chun éifeachtaí sábháilteachta páirte neamhchomhréirí nó fearais neamhchomhréirigh a chinneadh, féadfar gníomhaíochtaí físoraithe sonracha a bheidh le cur i gcrích ag an duine a shuiteálann an chuid nó an fearas ar an táirge a bhunú sna sonraíochtaí deimhniúcháin dá dtagraítear thuas;

(5) cuid nó fearas atá díolmhaithe ó fhormheas aeracmhainneachta i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún (*); agus

(6) páirt nó fearas ar mír é nó í de chóimeáil níos airde a shainaithnítear i bpointe (b)(1) go (b)(5).

(c) Tá páirteanna agus fearais a liostaítear i bpointe (b) incháilithe le haghaidh suiteála i dtáirge cineál-dheimhnithe gan Foirm EASA 1 a bheith ag gabháil leis, ar choinníoll go bhfuil ag an suiteálaí doiciméad arna eisiúint ag an duine nó ag an eagraíocht a mhonaraigh an pháirt nó an fearas, lena ndearbhaítear ainm na páirte nó an fhearais, uimhir na páirte nó an fhearais, agus comhréireacht na páirte nó an fhearais lena sonraí deartha, agus ina bhfuil an dáta eisiúna.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 379/2014 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2014 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 123, 24.4.2014, lch. 1).".

(15) i bpointe 21.A.433, leasaítear pointe (a) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (3):

"3. i gcás nach n-aithneofar aon ghné nó saintréith a d'fhéadfadh an táirge a dhéanamh neamhshábháilte do na húsáidí a n-iarrtar deimhniú ina leith;";

(b) cuirtear pointe (5) seo a leanas isteach:

"5. más rud é, maidir le deisiú eitleáin atá faoi réir phointe 26.302 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/640, gur léiríodh go bhfuil sláine struchtúrach an deisiúcháin agus an struchtúir a ndéantar difear dó coibhéiseach, ar a laghad, le leibhéal na sláine struchtúraí arna bhunú don struchtúr bonnlíne le pointe 26.302 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/640.";

(16) scriostar pointe 21.A.447 agus 21.A.449;

(17) leasaítear pointe 21.A.451 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a)(1)(i):

"(i) a leagtar síos i bpointe 21.A.3A, 21.A.3B, 21.A.4, 21.A.5, 21.A.7, 21.A.439, 21.A.441, agus 21.A.443;";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b)(1):

"1. na hoibleagáidí a leagtar síos i bpointe 21.A.4, 21.A.5 agus 21.A.7 a ghabháil de láimh; agus";

(18) i bpointe 21.A.609, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) maidir le gach múnla de gach earra ar eisíodh údarú ETSO ina leith, comhad reatha de shonraí teicniúla iomlána agus de thaifid theicniúla iomlána a ullmhú agus a chothabháil i gcomhréir le pointe 21.A.5;";

(19) scriostar pointe 21.A.613;

(20) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.804:

"**21.A.804 Sainaithint páirteanna agus fearas**

(a) Déanfar gach páirt nó fearas atá incháilithe le haghaidh suiteála i dtáirge cineál-dheimhnithe a mharcáil go buan agus go soléite leis na nithe seo a leanas:

1. ainm, trádmharc nó siombail a shainaithníonn an monaróir ar bhealach a aithnítear le sonraí an deartha is infheidhme;

2. uimhir na páirte, mar atá sainithe i sonraí an deartha is infheidhme; agus

3. litreacha EPA maidir le páirteanna nó fearais arna dtáirgeadh i gcomhréir le sonraí deartha arna bhformheas nach mbaineann le sealbhóir an deimhnithe cineáil ar an táirge gaolmhar, cé is moite d'earraí ETSO agus do pháirteanna agus d'fhearais a chumhdaítear faoi phointe (b) de phointe 21.A.307.

(b) De mhaolú ar phointe (a), má aontaíonn an Ghníomhaireacht go bhfuil cuid nó fearas róbheag nó nach bhfuil sé praiticiúil ar shlí eile páirt nó fearas a mharcáil le haon chuid den fhaisnéis a cheanglaítear le pointe (a), áireofar sa doiciméad scaoilte údaraithe a ghabhann leis an bpáirt nó leis an bhfearas nó lena choimeádán an fhaisnéis nach bhféadfaí a mharcáil ar an taobh nó ar an bhfearas.";

*IARSCRÍBHINN II*

Ceartaítear Iarscríbhinn I (Cuid 21) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 mar a leanas:

(1) ceartaítear pointe 21.A.15 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre de phointe (b):

"(b) Áireofar in iarratas ar dheimhniú cineáil nó ar dheimhniú srianta ar chineál, ar a laghad, réamhshonraí tuairisciúla an táirge, úsáid bheartaithe an táirge agus cineál na n-oibríochtaí a n-iarrtar deimhniú ina leith. Ina theannta sin, áireofar leis clár deimhniúcháin lena léireofar comhlíonadh i gcomhréir le pointe 21.A.20, , nó déanfar é a fhorlíonadh leis sin tar éis an chéad iarratais a dhéanamh, agus beidh an méid seo a leanas ann:";***

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

"(d) Beidh forlíonadh iarratais ar fhormheas ar shonraí na hoiriúnachta oibríochtúla san iarratas ar dheimhniú cineáil nó ar dheimhniú cineáil srianta le haghaidh aerárthaigh, nó déanfar é a fhorlíonadh leis an bhforlíonadh iarratas sin tar éis an chéad iarratais a dhéanamh.";

(2) ceartaítear pointe 21.A.93 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre de phointe (b):

"(b) Beidh clár deimhniúcháin san iarratas lena léireofar comhlíonadh i gcomhréir le pointe 21.A.20, nó déanfar é a fhorlíonadh leis an gclár deimhniúcháin sin tar éis an chéad iarratais a dhéanamh, agus beidh an méid seo a leanas ann:";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (2) de phointe (c):

"2. iarratas a dhéanamh ar shíneadh a chur leis an tréimhse ama dá bhforáiltear sa chéad abairt de phointe (c) don bhuniarratas agus dáta nua a mholadh chun an formheas a eisiúint. Sa chás sin, comhlíonfaidh an t-iarratasóir an bonn leis an deimhniú cineáil, an bonn le deimhniú sonraí na hoiriúnachta oibríochtúla agus na ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil, arna mbunú ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le pointe 21.A.101 agus arna fhógairt i gcomhréir le pointe 21.B.105, ar dháta a roghnóidh an t-iarratasóir. Ní thiocfaidh an dáta sin, áfach, roimh an dáta nua arna mholadh ag an iarratasóir chun an formheas a eisiúint le níos mó ná cúig bliana d'iarratas ar athrú ar dheimhniú cineáil nó ar dheimhniú cineáil srianta d'eitleán mór nó do rótarárthach, agus níos mó ná trí bliana d'iarratas ar athrú ar aon deimhniú cineáil eile nó ar dheimhniú cineáil srianta.";

(3) i bpointe 21.A.174, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii) de phointe (b)(3):

"(ii) neamh-Bhallstát:

— ráiteas ó údarás inniúil an Stáit ina bhfuil nó ina raibh an t-aerárthach cláraithe, ráiteas a léireoidh stádas aeracmhainneachta an aerárthaigh ar a chlár tráth an aistrithe;

— tuarascáil meáchain agus cothromaíochta le sceideal lódála;

— an lámhleabhar eitilte nuair a cheanglaítear an lámhleabhar sin de réir chód aeracmhainneachta an aerárthaigh;

— taifid stairiúla chun caighdeán táirgthe, modhnaithe agus cothabhála an aerárthaigh a bhunú, lena n-áirítear na teorainneacha go léir a bhaineann le deimhniú srianta aeracmhainneachta arna eisiúint i gcomhréir le pointe 21.B.327;

— moladh maidir le deimhniú aeracmhainneachta nó deimhniú srianta aeracmhainneachta agus deimhniú ar athbhreithniú aeracmhainneachta a eisiúint de bhun athbhreithniú aeracmhainneachta i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid-M) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 (*) nó deimhniú ar athbhreithniú aeracmhainneachta i gcomhréir le hIarscríbhinn Vb (Cuid-ML) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún.

— an dáta ar eisíodh an chéad deimhniú aeracmhainneachta agus, más rud é go mbeidh feidhm ag caighdeáin Imleabhar III d'Iarscríbhinn 16 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, na sonraí maidir le luach méadrach CO2.;

_____

(*) Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2014 maidir le haeracmhainneacht leanúnach na n-aerárthach agus táirgí, páirteanna agus fearais aerloingseoireachta, agus maidir le formheas na heagraíochtaí agus an pearsanra a bhfuil baint acu leis na cúraimí sin (IO L 362, 17.12.2014, lch. 1).";

(4) i bpointe 21.A.181, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1) de phointe (a):

"1. comhlíonadh na gceanglas is infheidhme maidir le cineál-dearadh agus le haeracmhainneachta leanúnach; agus";

(5) i bpointe 21.A.211, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1) de phointe (a):

"1. comhlíonadh na gceanglas is infheidhme maidir le cineál-dearadh, cosaint an chomhshaoil agus aeracmhainneacht leanúnach; agus";

(6) i bpointe 21.A.431B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (2) de phointe (a):

"(2) go leanfaidh siad na sonraí maidir le dearadh a áirítear i sonraíochtaí deimhniúcháin arna n-eisiúint ag an nGníomhaireacht, ina mbeidh modhanna, teicnící agus cleachtais inghlactha chun deisiúcháin chaighdeánacha a chur i gcrích agus a shainaithint, lena n-áirítear na treoracha gaolmhara maidir le haeracmhainneacht leanúnach; agus";

(7) i bpointe 21.A.432C, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre de phointe (b):

"(b) Beidh clár deimhniúcháin in iarratas ar fhormheas deartha ar mhórdheisiúcháin, nó déanfar é a fhorlíonadh leis an gclár deimhniúcháin sin tar éis an chéad iarratais a dhéanamh, agus beidh an méid seo a leanas ann.";

(8) i bpointe 21.A.711, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

"(d) Féadfaidh eagraíocht fhormheasta ceadúnas eitilte (Foirm 20b EASA, féach Foscríbhinn IV) a eisiúint faoin bpribhléid a dheonaítear i gcomhréir le pointe M.A.711 d'Iarscríbhinn I (Cuid-M) de Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún nó pointe CAMO.A.125 d'Iarscríbhinn Vc (Cuid-CAMO) de Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún nó pointe CAO.A.095 d'Iarscríbhinn Vd (Cuid-CAO) de Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún, nuair a dhéanfar na dálaí eitilte dá dtagraítear i bpointe 21.A.708 den Iarscríbhinn sin a fhormheas i gcomhréir le pointe 21.A.710 den Iarscríbhinn sin;";

(9) i bpointe 21.B.325, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c) I gcás aerárthaí a thagann ó neamh-Bhallstát, sa bhreis ar an deimhniú aeracmhainneachta iomchuí dá dtagraítear i bpointe (a) nó i bpointe (b), eiseoidh údarás inniúil an Bhallstáit chláraithe an méid seo a leanas:

1. i gcás aerárthaí nua nó aerárthaí athláimhe atá faoi réir Iarscríbhinn I (Cuid-M) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún, deimhniú tosaigh ar athbhreithniú aeracmhainneachta (Foirm 15a EASA, Iarscríbhinn II);

2. i gcás aerárthaí nua atá faoi réir Iarscríbhinn Vb (Cuid-ML) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún, deimhniú tosaigh ar athbhreithniú aeracmhainneachta (Foirm 15c EASA, Iarscríbhinn II);

3. i gcás aerárthaí athláimhe atá faoi réir Iarscríbhinn Vb (Cuid-ML) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún, deimhniú tosaigh ar athbhreithniú aeracmhainneachta (Foirm 15c EASA, Foscríbhinn II), nuair a bheidh an deimhniú ar athbhreithniú aeracmhainneachta déanta ag an údarás inniúil.";

(10) i bhFoscríbhinn II, EASA 15c – cuirtear an méid seo a leanas in ionad an deimhnithe ar athbhreithniú aeracmhainneachta:

"**Deimhniú ar athbhreithniú aeracmhainneachta - Foirm 15c EASA**

NÓTA: féadfaidh na daoine agus na heagraíochtaí a dhéanann an t-athbhreithniú aeracmhainneachta i gcomhar leis an gcigireacht bhliantúil 100-h an taobh cúil den fhoirm seo a úsáid chun CRS dá dtagraítear i bpointe ML.A.801 a eisiúint a chomhfhreagraíonn do chigireacht bhliantúil100-h.

**DEIMHNIÚ AR ATHBHREITHNIÚ AERACMHAINNEACHTA (ARC) (i gcás aerárthaí a chomhlíonann Cuid-ML)**

Tagairt ARC ……..

De bhun Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

Deimhníonn (AINM AN ÚDARÁIS INNIÚIL) (**)

leis seo:

□…...go bhfuil athbhreithniú aeracmhainneachta déanta aige i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún maidir leis na haerárthaí seo a leanas:

(nó)

□…..maidir leis na haerárthaí nua seo a leanas:

Monaróir aerárthaigh:.....Ainmniú an mhonaróra:.....

Clárú aerárthaí:.....Sraithuimhir aerárthaigh:.....

agus meastar (go bhfuil an t-aerárthach seo) aeracmhainneach tráth an athbhreithnithe.

Dáta eisiúna: .....Dáta éaga: ……..

Uaireanta eitilte aerfhráma (FH) ar dháta an athbhreithnithe (*): ……..

Sínithe: .....Uimhir Údaraithe (más infheidhme): …….

(NÓ)

(AINM NA hEAGRAÍOCHTA FORMHEASTA, SEOLADH AGUS TAGAIRT FORMHEASTA) (**)

(nó)

(AINM IOMLÁN PHEARSANRA AN DEIMHNITHE AGUS UIMHIR CHEADÚNAIS CUID-66 (NÓ UIMHIR NÁISIÚNTA CHOIBHÉISEACH)) (**)

a dheimhniú leis seo go bhfuil athbhreithniú aeracmhainneachta déanta aige i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún maidir leis na haerárthaí seo a leanas:

Monaróir aerárthaigh:.....Ainmniú an mhonaróra:.....

Clárú aerárthaí:.....Sraithuimhir aerárthaigh:.....

agus meastar go bhfuil an t-aerárthach seo aeracmhainneach tráth an athbhreithnithe.

Dáta eisiúna: .....Dáta éaga: ……..

Uaireanta eitilte aerfhráma (FH) ar dháta an athbhreithnithe (*): ……..

Sínithe: .....Uimhir Údaraithe (más infheidhme): …….

==========

1ú síneadh: Comhlíonann an t-aerárthach seo coinníollacha ML.A.901(c) d'larscríbhinn Vb (Cuid-ML)

Dáta eisiúna: .....Dáta éaga: ……..

Uaireanta eitilte aerfhráma (FH) ar dháta an eisiúna (*): …… ……

Sínithe: .....Uimhir Údaraithe: ……

Ainm na Cuideachta: .....Tagairt formheasa: ……..

==========

2ú síneadh: Comhlíonann an t-aerárthach seo coinníollacha ML.A.901(c) d'larscríbhinn Vb (Cuid-ML)

Dáta eisiúna: .....Dáta éaga: ……..

Uaireanta eitilte aerfhráma (FH) ar dháta an eisiúna (*): …… ……

Sínithe: .....Uimhir Údaraithe: ……

Ainm na Cuideachta: .....Tagairt formheasa: ……..

(*) Seachas balúin agus aerlonga

(**) Is féidir le heisitheoir na Foirme í a chur in oiriúint dá riachtanas tríd an ainm, an ráiteas deimhniúcháin, an tagairt don aerárthach is ábhar don tástáil agus na mionsonraí eisiúna nach bhfuil ábhartha dá úsáid nó dá húsáid a scriosadh.

EASA Foirm 15c, Eagrán 4".